

2025 Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta Chomhdhlúite Achoimre

Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta Chomhdhlúite 2025 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

Achoimre

Meitheamh 2026



Tugadh an lámhscríbhinn chun críche i mí an Mheithimh 2026

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

Leagan BZ-01-26-043-GA-N ISBN 978-92-9418-536- ISSN 2812- doi: 10.2847/1633968
PDF 5 457X

Nótaí maidir leis an mbeartas slánaithe

Tá feidhm ag an mbeartas slánaithe seo a leanas maidir le figiúirí neamhairgeadais:

- slánaítear luachanna **idir 101 agus 1 000** go dtí an 10 is gaire;
- slánaítear luachanna **idir 1 001 agus 10 000** go dtí an 100 is gaire;
- slánaítear luachanna **atá os cionn 10 000** go dtí an 1 000 is gaire;
- slánaítear luachanna leathbhealaigh suas;
- slánaítear céatadáin go dtí an tslánuimhir is gaire.

Mura sonraítear a mhalairt, ní shlánaítear figiúirí airgeadais.

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2026

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.





I. An bhliain go hachomair

In 2025, cuireadh thart ar **822 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta isteach san AE+**, ar laghdú 19 % é i gcomparáid le 2024 ⁽¹⁾. Ba iad náisiúnaigh na **hAfganastáine, Veiniséala** agus na **Siria** na trí ghrúpa iarratasóirí ba mhó ar chosaint idirnáisiúnta, a bhí mar 14 %, 11 % agus 5 % de na héilimh uile a taisceadh in 2025, faoi seach.

I dteannta le hiarratais ar thearmann, bhí thart ar **4.5 milliún duine aonair ag fáil tairbhe as cosaint shealadach** san AE+ ag deireadh 2025. Cuireadh an cineál cosanta sin i ngníomh den chéad uair in 2022 mar fhreagairt ar ionradh mórsála na Rúise ar an Úcráin.

I mí na Samhna 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún an chéad **European Annual Asylum and Migration Report** [Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce], inar seoladh an timthriall bliantúil bainistithe imirce a bunaíodh faoin **gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann** (an Comhshocrú).

I mí na Nollag 2025, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le húsáid ailínithe ar fud an Aontais a bhaint as coincheapa na **dtíortha tionscnaimh sábháilte agus na dtríú tíortha sábháilte**. Is é is aidhm don athchóiriú sin dlús a chur le nósanna imeachta teorann agus nósanna imeachta um fhilleadh agus an nasc idir beartais tearmainn agus beartais um fhilleadh a threisiú.

Sa chomhthéacs sin, shínigh EUAA pleananna oibríochtúla nua le **hÉirinn** agus leis **an Liotuáin** agus chuir sé cúnamh oibríochtúil agus teicniúil ar fáil do 12 Bhallstát trí bheagnach 1 000 pearsanra a úsáid, chomh maith le 450 ateangaire

⁽¹⁾ Foinse: Córas luathrabhaidh agus ullmhachta EUAA. Féach **Latest Asylum Trends 2025** [Treochtaí Tearmainn is Déanaí 2025] EUAA chun faisnéis agus anailísí mionsonraithe a fháil.





Fíor 1. An bhliain i bhfigiúirí – 1 de 3



Dhírigh an Ghníomhaireacht go mór ar thacaíocht a thabhairt d’ullmhúcháin na mBallstát chun ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe a chur i bhfeidhm, i mí an Mheithimh 2026. Chuir EUAA **raon leathan aschur a bhaineann leis an gComhshocrú ar fáil**, lena n-áirítear oiliúint, treoraíocht oibríochtúil, uirlisí agus táirgí anailíseacha.

Ghlac na mílte oifigeach náisiúnta páirt i **ngníomhaíochtaí oiliúna**, fianaise ar an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar thacaíocht na Gníomhaireachta chun riaracháin na mBallstát a ullmhú don chreat reachtach nua.

Le hoscailt **Áitreabh Acadamh EUAA**, i mí an Mheithimh 2025, baineadh cloch mhíle mhór institiúideach amach, agus bunaíodh ionad Eorpach barr feabhais do **oiliúint speisialaithe agus creidiúnaithe** i dtaca le tearmann agus glacadh. Trí theastais, cáilíochtaí agus céimeanna a bhronnadh agus trí aitheantas oifigiúil thorthaí oiliúna EUAA a éascú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, déanfaidh an tAcadamh oiliúint a ghairmiúlú a thuilleadh le haghaidh raon leathan ról i réimse an tearmainn agus an ghlactha.



Fíor 2. An bhliain i bhfigiúirí - 2 de 3

In 2025, thosaigh an EUAA **ag déanamh faireachán ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn**, i gcomhréir le modheolaíocht a bunaíodh in 2024. Is é is aidhm don tsásra faireacháin, a tugadh isteach le Rialachán an EUAA in 2022, chun 'easnamh fhéideartha a chosc nó a shainaithint i gcórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát agus chun measúnú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht agus a n-ullmhacht i leith bainistiú a dhéanamh nuair is ann do bhrú díréireach....' ⁽²⁾.

I gcomhaontú leis na húdaráis náisiúnta ábhartha, rinne an Gníomhaireacht an chéim pólótach den sásra faireacháin san Eastóin agus san Ísiltír. Leanfaidh EUAA d'fhaireachán a dhéanamh ar Bhallstáit eile sna blianta amach romhainn, de réir a chláir faireacháin ilbhliantúil lena gcumhdaítear an tréimhse 2026-2030.

⁽²⁾ Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann.



Fíor 3. An bhliain i bhfigiúirí - 3 de 3



Leathnaigh an Ghníomhaireacht a rannpháirtíocht le comhpháirtithe den Aontas freisin trí ochtar **oifigeach idirchaidrimh a earcú sna Ballstáit**, a úsáideadh ina stáisiúin dualgaís faoi seach ag tús 2026. Is é seo an chéad uair a bhfuil láithreacht bhuan bunaithe ag an Ghníomhaireacht i mBallstáit ina ról cothrománach, seachas úsáid oibríochtúil. Trí idirghníomhaíocht laethúil níos dlúithe a éascú leis na húdaráis náisiúnta agus trí phointe teagmhála lárnach a sholáthar laistigh den Ghníomhaireacht do gach Ballstát, táthar ag súil go neartóidh na hoifigigh idirchaidrimh na sreafaí faisnéise agus go dtacóidh siad le cur chuige níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe i leith obair na Gníomhaireachta ar fud réimsí éagsúla.

Thairis sin, i mí an Mheithimh 2025, d'óstáil EUAA a **chéad chomhdháil bhliantúil maidir le staid an tearmainn**, inar tugadh le chéile thart ar 1 000 duine ar líne agus duine i láthair go pearsanta chun díospóireacht a dhéanamh ar chlár oibre beartais imirce agus tearmainn an Aontais atá ag teacht chun cinn.

Sa **ghné sheachtrach**, rinne EUAA ceiliúradh ar 10^{mblíana} ó chlár an Aontais um Thacaíocht Réigiúnach do Chórais Bainistithe Imirce atá íogair ó thaobh na cosanta de sna Balcáin Thiar, clár atá-á mhaoiniú ag an Aontas, clár a cuireadh chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Le deich mbliana anuas, thacaigh an clár le húdaráis na mBalcáin Thiar feabhas a chur ar rialachas imirce agus tearmainn, i gcomhréir le caighdeán an Aontais agus le caighdeán idirnáisiúnta.

Ar deireadh, in 2025, thionscain an Ghníomhaireacht plé maidir le tionscadail fothaithe acmhainneachta a fhorbairt don **Mholdóiv** agus don **Úcráin**, atá i measc na dtríú tíortha is mó tosaíocht de chuid na Gníomhaireachta.



II. Faisnéis bhuiséid agus airgeadais

An fóirdheontas ón Aontas i mbuiséad 2025 an EUAA, de réir [leasú 2 ar an doiciméad aonair chlársceidealaithe 2025–2027](#), bhí sé **EUR 191 737 310 i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí** agus **EUR 194 737 310 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**.

In 2025, bhí ioncam na Gníomhaireachta comhdhéanta mar seo a leanas:

- fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais agus a ús fabhraithe;
- ranníocaíochtaí ó thíortha a bhfuil baint acu le Schengen agus a n-ús fabhraithe;
- an dara tráthchuid faoin gcomhaontú ranníocaíochta atá maoinithe ag an ICFCI - an Eoraip Dhomhanda;
- tráthchodanna faoi na comhaontuithe ranníocaíochta atá maoinithe ag an IPA chun tionscadail a chur i bhfeidhm i dtaca le córais bhainistíochta imirce atá íogair ó thaobh cosanta de sna Balcáin Thiar;
- ioncam úis fabhraithe ó ranníocaíochtaí ón tSeicia agus ón Danmhairg.

Tábla 1. Ioncam in aghaidh na foinse maoiniúcháin, gan méideanna a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin a áireamh (figiúirí slánaithe go dtí an chéad uimhir iomlán eile)

Teideal buiséid	Foinse maoiniúcháin	Ioncam sa bhuiséad (€)	Ioncam tar éis p.m. a shainiú ⁽³⁾ (€)	Ioncam a fuarthas (€)	Iarmhéid fágtha (€)
2	Fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais	194 737 310	194 737 310	194 737 310	0
3	Ranníocaíochtaí ó thíortha a bhfuil baint acu le Schengen	9 591 617	9 591 617	9 591 617	0
4	Ranníocaíochtaí eile (lena n-áirítear ús fabhraithe)	1 354 593	6 362 782	6 362 782	0
5	Ioncam/aisghabháil speansas eile, ioncam úis	0	1 175 636	1 158 705	16 931
Ioncam iomlán (€)		205 683 520	211 867 345	211 850 414	16 931

⁽³⁾ Ciallaíonn p.m. *pro memoria* agus léirítear leis go bhféadfar méid a shannadh don bhuiséad, fiú mura bhfuil sé soiléir cén méid a bheadh ann, nó dá mbeadh sé ann ar chor ar bith.




III. Acmhainní daonna, rialú inmheánach agus meastóireachtaí

Acmhainní daonna

In 2025, bhí **670 post foirne san iomlán ar fáil** don Ghníomhaireacht, agus bhí 581 ⁽⁴⁾ díobh sin líonta faoi dheireadh na bliana.

Fíor 4. Poist foirne líonta agus ar fáil de réir chatagóire amhail 31 Nollaig 2025



Córais rialaithe inmheánaigh

I ndiaidh an athmheasúnaithe a rinneadh sa chéad ráithe de 2026, chinn an Bhainistíocht Shinsearach go raibh **ocht bprionsabal um rialú inmheánach** go hiomlán éifeachtach agus go raibh naoi gcinn éifeachtach. Bunaithe ar an anailís ar phrionsabail an rialaithe inmheánaigh, thángthas ar an gconclúid go raibh **ceithre chomhpháirt rialaithe inmheánaigh éifeachtach agus go raibh ceann amháin acu go hiomlán éifeachtach**. Tá siad ag feidhmiú mar a bhí beartaithe, cé go mbíonn feabhsuithe ag teastáil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar easnaimh mheasartha nó ar mhíneasnamh.

Tá faisnéis maidir le heasnamh sa rialú inmheánach agus na gníomhaíochtaí ceartaitheacha comhfhreagracha ar fáil ar [shuíomh gréasáin EUAA](#).

⁽⁴⁾ Áirítear san fhigiúr sin poist a tairgeadh do na hiarrthóirí roghnaithe agus nár síníodh conradh fostaíochta ina leith go fóill, amhail an 31 Nollaig 2025.





Meastóireachtaí

Déanann EUAA meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex post* inmheánacha nó seachtracha ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí lena ngabhann caiteachas suntasach. In 2025, chuir EUAA **cúig mheastóireacht** i gcrích.

Tá tuarascáil mhionsonraithe ar stádas chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta mar fhreagairt ar thorthaí na meastóireachta ar fáil ar [shuíomh gréasáin](#) na Gníomhaireachta.





Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

